



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2017  
(OR. en)

EUCO XT 20011/17

BXT 69  
CO EUR 27  
CONCL 8

#### NÓTA CUMHDAIGH

|        |                                                                               |
|--------|-------------------------------------------------------------------------------|
| Ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                     |
| Chuig: | na toscaireachtaí                                                             |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (15 Nollaig 2017)<br>- Treoirlínte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na treoirlínte a ghlac an Chomhairle Eorpach<sup>1</sup> ag an gcruinniú thuasluaite.

---

<sup>1</sup> Tar éis an fhógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí ná i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh le linn na chéad chéime den chaibidlíocht, mar a léirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún<sup>1</sup> agus sa Tuarascáil Chomhpháirteach<sup>2</sup> agus cinneann sí gur leor é le bogadh ar aghaidh chuig an dara céim a bhaineann leis an aistriú agus leis an gcreat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo. Iarrann sí ar idirbheartaí an Aontais agus ar an Ríocht Aontaithe clabhsúr a chur ar an obair maidir leis na saincheisteanna ar fad a bhaineann leis an tarraingt siar, lena n-áirítear na saincheisteanna nár díriodh orthu le linn na chéad chéime, i gcomhréir leis na treoirlínte ón gComhairle Eorpach an 29 Aibreán 2017, na torthaí a fuarthas go dtí seo a chomhdhlúthú, agus tabhairt faoi na codanna ábhartha den Chomhaontú um Tharraingt Siar a dhréachtú. Cuireann sí i bhfios go láidir nach féidir bogadh ar aghaidh leis an gcaibidlíocht, ag an dara céim, go dtí go n-urramófar ina n-iomláine na gealltanais uile a gabhadh ar láimh le linn na chéad chéime agus go dtí go n-aistreofar go dílis i dtéarmaí dlíthiúla a luaithe is féidir iad.
2. Sa chaibidlíocht a dhéanfar le linn an dara céim, ina ndíreofar ar na socruithe idirthréimhse agus ar an tuiscint fhoriomlán ar an gcreat a bheidh ann don chaidreamh amach seo, leanfaidh na treoirlínte a d'eisigh an Chomhairle Eorpach ar an 29 Aibreán 2017 d'fheidhm a bheith acu ina n-iomláine agus ní mór iad a urramú.
3. Maidir leis an aistriú, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an togra a chuir an Ríocht Aontaithe ar aghaidh le haghaidh idirthréimhse a mhairfidh dhá bhliain, a bheag nó a mhór, agus tá sí sásta idirthréimhse a chaibidil lena gcumhdófar acquis iomlán an Aontais, ach nach mbeidh an Ríocht Aontaithe, mar thríú tír, rannpháirteach in institiúidí an Aontais ná nach molfaidh sí ná nach dtoghfaidh sí comhaltaí de chuid institiúidí an Aontais, ná nach mbeidh sí rannpháirteach i gcinnteoireacht chomhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí an Aontais.

---

<sup>1</sup> *Communication from the Commission to the European Council (Article 50) on the state of progress of the negotiations with the United Kingdom under Article 50 of the Treaty on European Union* [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach (Airteagal 50) maidir leis an dul chun cinn sa chaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach], COM (2017) 784 final.

<sup>2</sup> *Joint report from the negotiators of the European Union and the United Kingdom Government on progress during phase 1 of negotiations under Article 50 TEU on the United Kingdom's orderly withdrawal from the European Union* [Tuarascáil Chomhpháirteach ó idirbheartaithe an Aontais Eorpaigh agus Rialtas na Ríochta Aontaithe maidir leis an dul chun cinn i gcéim 1 den chaibidlíocht faoi Airteagal 50 CAE maidir le tarraingt siar ordúil na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach].

4. Ní mór do na socruithe idirthréimhse sin, a bheidh mar chuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar, a bheith chun leas an Aontais, ní mór dóibh a bheith sainmhínithe go soiléir agus ní mór dóibh a bheith teoranta go beacht ó thaobh ama de. D'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú bunaithe ar na rialacha céanna a bheith i bhfeidhm ar fud an mhargaidh aonair, aon athrú a dhéanfar ar an acquis agus a ghlacfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, beidh ar na hathruithe sin a bheith infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas araon. Beidh feidhm freisin ag ionstraimí agus struchtúir rialála, bhuiséadacha, mhaoirseachta, bhreithiúna agus forfheidhmithe dlí an Aontais, lena n-áirítear inniúlacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ós rud é go leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith rannpháirteach san aontas custam agus sa mhargadh aonair (gona cheithre shaoirse) le linn na hidirthréimhse, beidh uirthi leanúint de bheartas trádála an Aontais a chomhlíonadh, de tharaifí custaim an Aontais a chur i bhfeidhm agus de dhleachtanna custaim an Aontais a bhailiú, agus beidh uirthi a áirithiú go ndéanfar gach seiceáil ar an teorainn vis-à-vis tríú tíortha eile.
5. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún moltaí iomchuí a chur ar aghaidh chuige sin, agus iarrann sí ar an gComhairle teoracha breise caibidlíochta maidir le socruithe idirthréimhse a ghlacadh i mí Eanáir 2018.
6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur mian léi dlúthpháirtíocht a bhunú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Cé nach bhféadfar bailchríoch a chur ar chomhaontú maidir leis an gcaidreamh a bheidh ann amach anseo agus an comhaontú sin a thabhairt i gcrích go dtí gur tríú tír í an Ríocht Aontaithe, beidh an tAontas faoi réir le dul i mbun pléití réamhullmhúcháin a mbeidh sé mar aidhm leo tuiscint fhoriomlán a thabhairt ar an gcreat don chaidreamh amach anseo, ach a nglacfar treoirlínte breise chuige sin. Ba cheart an tuiscint sin a mhionsonrú i ndearbhú polaitiúil a chuirfear i gceangal leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus dá dtagrófar sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.
7. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé ráite ag an Ríocht Aontaithe go bhfuil rún aici gan a bheith rannpháirteach san aontas custam ná sa mhargadh aonair tar éis dheireadh na hidirthréimhse, agus déanfaidh an Chomhairle Eorpach a cur chuige maidir le trádáil agus comhar eacnamaíoch a chalabhrú i bhfianaise an tseasaimh sin ar mhaithe le cothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí a áirithiú, cothrom na Féinne a chaomhnú, gan cur as don chaidreamh reatha atá aici le tríú tíortha eile agus urraim a thabhairt do na prionsabail uile eile a leagtar amach sna treoirlínte a d'eisigh sí ar an 29 Aibreán 2017, go háirithe an gá atá ann iomláine agus dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair a chaomhnú.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí faoi réir le comhpháirtíochtaí a bhunú i réimsí nach mbaineann le trádáil ná comhar eacnamaíoch, go háirithe an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta idirnáisiúnta, chomh maith le slándáil, cosaint agus an beartas eachtrach.
  9. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach de shúil ghéar a choinneáil ar an gcaibidlíocht agus glacfaidh sí treoirlínte breise i mí an Mhárta 2018, go háirithe maidir leis an gcreat don chaidreamh amach anseo. Iarrann sí ar an Ríocht Aontaithe tuilleadh soiléireachta a thabhairt ar a seasamh maidir leis an gcreat don chaidreamh amach anseo. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle (Airt. 50) agus ar idirbheartaí an Aontais, i dteannta a chéile, leanúint leis an bplé réamhullmhúcháin inmheánach, lena n-áirítear maidir le raon feidhme an chreata don chaidreamh amach anseo.
-